TÁIRGEADH DOBHARSHAOTHRAITHE SAN AONTAS EORPACH

Tá táirgeadh dobharshaothraithe san Aontas Eorpach fós réasúnta marbhánta i gcomparáid leis an méadú atá ar rátaí táirgeachta bia mara feirmshaothraithe, a dhéantar ar an leibhéal domhanda. Le 20 bliain anuas, tá iarracht á déanamh ag an gCoimisiún acmhainneacht táirgeachta in AE a fhorbairt, trí dhoiciméid éagsúla straitéise agus treorach a sheoladh, agus cuireadh an Chomhairle Chomhairleach um Dhobharshaothrú ar bun (AAC) in 2016. Tá an comhlacht sin comhdhéanta d'ionadaithe ón tionscal agus eagraíochtaí geallsealbhóra ábhartha eile agus tugann siad comhairle do na hinstitiúidí Eorpacha agus do na Ballstáit.

CÚLRA

Cé go raibh méadú faoi cheathair ar tháirgeadh dobharshaothraithe ar fud an domhain idir 1990 agus 2017, d'fhan táirgeadh comhiomlánaithe bia mara feirmshaothraithe i mBallstáit uile an Aontais cobhsaí ar feadh i bhfad ag thart ar 1.2 milliún tonna. Tháinig méadú thart ar 24% ar fhigiúirí táirgeachta AE le déanaí, áfach, agus shroich luach táirgeachta dobharshaothraithe na hEorpa EUR 5.6 billiún in 2017. Tháinig 76% den fhigiúr sin ó tháirgí éisc agus 24% ó chrústaigh agus moilisc. Dhírigh táirgeoirí dobharshaothraithe AE go príomha ar cheithre speiceas – diúilicíní (35% den toirt iomlán), bradán (15%), breac (14%) agus oisrí (7%) – agus ar speicis feirmshaothraithe thábhachtacha eile in AE tá, an garbhánach, an carbán, an doingean mara agus an breallach.

Ba iad na príomhtháirgeoirí dobharshaothraithe i measc Bhallstáit AE in 2017 ná an Spáinn (21%), an Fhrainc (15%), an Ríocht Aontaithe (14%), an Iodáil (14%) agus an Ghréig (10%), arbh ionann an méid a tháirg siad go léir le chéile agus 74% den táirgeacht iomlán dobharshaothraithe. Mar sin féin, ó thaobh luach na táirgeachta de, ba í an Ríocht Aontaithe a bhí mar phríomhtháirgeoir (21%), agus ina dhiaidh sin bhí an Fhrainc (16%), an Spáinn (13%), an Ghréig (12%) agus an Iodáil (11%). Is iad na moilisc dhébhlaoscacha (diúilicíní, oisrí agus breallaigh) is mó a tháirgtear sa Spáinn, sa Fhrainc agus san Iodáil. Is é an bradán is mó a táirgeadh sa Ríocht Aontaithe, cé gur doingean mara agus garbhánach a táirgeadh sa Ghréig den chuid is mó.

STRAITÉIS UM FHORBAIRT INBHUANAITHE DHOBHARSHAOTHRÚ NA HEORPA

Chun dul i ngleic le marbhántacht na táirgeachta dobharshaothraithe san Aontas, d'fhoilsigh an Coimisiún teachtaireacht in 2002 (COM(2002) 0511) dar teideal 'Straitéis

um fhorbairt inbhuanaithe dhobharshaothrú na hEorpa'. Ba iad seo a leanas a bhí mar chuspóirí ag an straitéis:

— fostaíocht fhadtéarmach agus sheasmhach a chruthú, go háirithe do limistéir a bhíonn ag brath ar an iascach, agus fostaíocht sa dobharshaothrú a mhéadú idir 8 000 agus 10 000 i gcoibhéisí post lánaimseartha thar an tréimhse 2003-2008;

— an infhaighteacht ar tháirgí atá sláintiúil, sábháilte agus ar ardcháilíocht do thomhaltóirí a áirithiú, chomh maith le hardchaighdeáin sláinte agus leas na n-ainmhithe a chur chun cinn;

— tionscal atá slán ó thaobh an chomhshaoil de a áirithiú.

Mar sin féin, níor éirigh leis an straitéis a cuspóirí a bhaint amach, go háirithe a mhéid a bhaineann le táirgeacht agus fostaíocht a mhéadú: níor baineadh amach an sprioc de ráta fáis 4% ná an sprioc maidir le 8 000 go 10 000 post nua a chruthú.

Is í an easpa fáis sa táirgeacht an phríomhfhadhb atá ann d'earnáil an dobharshaothraithe, i gcodarsnacht leis an ráta ard fáis a chonacthas ar scála domhanda. Mar sin féin, tá dul chun cinn maith déanta ag an earnáil i réimsí amhail infhaighteacht táirgí ar ardcháilíocht a áirithiú don tomhaltóir agus inbhuanaitheacht chomhshaoil a áirithiú.

Sa bhreis ar na constaicí agus srianta traidisiúnta, ó 2002 tá dobharshaothrú na hEorpa ag dul i ngleic le hiomaíocht níos géire ó tháirgeadh i dtríú tíortha, agus bhí aghaidh le tabhairt ar ghéarchéimeanna rialachais agus ar thionchair na géarchéime eacnamaíche tar éis 2007.

TODHCHAÍ INBHUANAITHE A THÓGÁIL DON DOBHARSHAOTHRÚ — UGACH ÚR DON STRAITÉIS UM FHORBAIRT INBHUANAITHE DHOBHARSHAOTHRÚ NA HEORPA

Seacht mbliana ina dhiaidh sin, an 8 Aibreán 2009, d'fhoilsigh an Coimisiún a dhara teachtaireacht (COM(2009) 0162) maidir leis an dobharshaothrú, chun cúiseanna mharbhántacht tháirgeadh dobharshaothraithe AE a shainaithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu. 'Todhchaí inbhuanaithe a thógáil don dobharshaothrú: Ugach úr don Straitéis um Fhorbairt Inbhuanaithe Dhobharshaothrú na hEorpa', an teideal a bhí ar an teachtaireacht nua sin. Ba é ab aidhm léi ná a áirithiú go leanfaidh AE de bheith ina phríomhghníomhaí in earnáil straitéiseach, agus táirgeacht agus fostaíocht a mhéadú trí na bearta seo a leanas a chur chun feidhme:

A. Iomaíochas tháirgeacht dobharshaothraithe AE a chur chun cinn tríd an méid seo a leanas:

— taighde agus forbairt theicneolaíoch;

— pleanáil spásúlachta a chur chun cinn i gcomhair an dobharshaothraithe chun dul i ngleic le fadhb na hiomaíochta i dtaca le spás;

— é a chur ar chumas ghnó an dobharshaothraithe éilimh an mhargaidh a láimhseáil;

— forbairt an dobharshaothraithe a chur chun cinn ina chomhthéacs idirnáisiúnta;

B. Dálaí a chruthú d'fhás inbhuanaithe an dobharshaothraithe tríd an méid seo a leanas:

— comhoiriúnacht idir an dobharshaothrú agus an comhshaol a áirithiú;

— tionscal ardfheidhmíochta feirmeoireachta ainmhithe uisceacha a mhúnlú;

— cosaint ar shláinte an tomhaltóra a áirithiú agus na buntáistí sláinte a bhaineann le táirgí bia uiscigh a aithint;

C. Íomhá agus rialachas na hearnála a fheabhsú tríd an méid seo a leanas:

— feabhas a chur ar chur chun feidhme reachtaíocht AE;

— an t-ualach riaracháin a laghdú;

— rannpháirtíocht chuí na ngeallsealbhóirí agus an soláthar ar fhaisnéis iomchuí don phobal a áirithiú;

— faireachán leormhaith ar earnáil an dobharshaothraithe a áirithiú.

TREOIRLÍNTE STRAITÉISEACHA D'FHORBAIRT INBHUANAITHE DHOBHARSHAOTHRÚ AE

I ndeireadh na dála, bhí sé mar aidhm leis na treoirlínte straitéiseacha (COM(2013) 0229) a d'fhoilsigh an Coimisiún an 29 Aibreán 2013 go ndéanfaí cabhair a thabhairt do na Ballstáit a spriocanna náisiúnta féin a shainiú, agus a bpointí tosaigh, a gcúinsí náisiúnta agus a socruithe institiúideacha faoi seach á gcur san áireamh acu. Sna Treoirlínte, tugtar aghaidh ar na ceithre réimse tosaíochta seo a leanas:

— nósanna imeachta riaracháin a shimpliú agus fad an phróisis ceadúnaithe d'fheirmeoirí dobharshaothraithe a ghiorrú;

— pleanáil spásúlachta chomhordaithe chun an lámh in uachtar a fháil ar chonstaicí a bhaineann leis an easpa spáis;

— iomaíochas dhobharshaothrú AE a fheabhsú;

— machaire comhréidh a chur chun cinn.

PLEANANNA NÁISIÚNTA STRAITÉISEACHA ILBHLIANTÚLA

Mar a leagtar síos in Airteagal 34 de bhunrialachán CBI (Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013[1]), bhí na Ballstáit le pleananna straitéiseacha náisiúnta ilbhliantúla (MANPanna) a thíolacadh chun gníomhaíochtaí dobharshaothraithe a fhorbairt ar a gcríoch don tréimhse 2014-2020. Spreag an Coimisiún malartú faisnéise agus dea-chleachtas idir na Ballstáit trí cheardlanna agus cruinnithe éagsúla. Mar obair leantach, d'éascaigh sé comhordú na mbeart náisiúnta a beartaíodh sna pleananna straitéiseacha náisiúnta ilbhliantúla. Rinne na Ballstáit measúnú meántéarmach ar chur i bhfeidhm a gcuid MANPanna ag deireadh 2017. Táthar ag súil leis na tuarascálacha measúnaithe deiridh ó na rialtais náisiúnta ag tús 2021.

[1]OJ L 354, 28.12.2013, lch. 22.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Ghlac an Pharlaimint an iliomad rún arbh aidhm leo earnáil dobharshaothraithe AE a neartú tuilleadh:

— Rún an 16 Eanáir 2003 maidir leis an dobharshaothrú san Aontas Eorpach: san am i láthair agus amach anseo[2];

— Rún reachtach an 27 Deireadh Fómhair 2006 ar an togra le haghaidh treoir ón gComhairle maidir le ceanglais i dtaca le sláinte ainmhithe d'ainmhithe dobharshaothraithe agus táirgí uathu, agus maidir le galair áirithe a chosc agus a rialú in ainmhithe uisceacha[3];

— Rún reachtach an 14 Samhain 2006 ar an togra le haghaidh rialachán ón gComhairle maidir le speicis choimhthíocha agus speicis nach bhfaightear go háitiúil a úsáid sa dobharshaothrú[4];

— Rún reachtach an 14 Samhain 2006 ar an togra le haghaidh rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 104/2000 ón gComhairle maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe[5];

— Rún reachtach an 4 Nollaig 2008 maidir le Plean Eorpach um Bainistiú Broigheall a ghlacadh chun an tionchar, atá ag dul i méid, a imríonn na broighill ar stoic éisc, iascaireacht agus dobharshaothrú a íoslaghdú[6];

— Rún an 17 Meitheamh 2010 maidir le hugach úr don Straitéis um Fhorbairt Inbhuanaithe Dhobharshaothrú na hEorpa[7];

— Rún an 8 Iúil 2010 maidir leis na socruithe le haghaidh táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a allmhairiú isteach in AE d'fhonn athchóiriú a dhéanamh ar CBI amach anseo[8];

— Rún reachtach an 23 Samhain 2010 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 708/2007 maidir le speicis choimhthíocha agus speicis nach bhfaightear go háitiúil a úsáid sa dobharshaothrú[9];

— Rún reachtach an 12 Meán Fómhair 2012 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe[10];

— Rún reachtach an 10 Nollaig 2013 ar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh chun go nglacfaí rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1184/2006 ón gComhairle agus Rialachán

---

[2] OJ C 38 E, 12.2.2004, lch. 318.
[3] OJ C 296 E, 6.12.2006, lch. 106.
[4] OJ C 314 E, 21.12.2006, lch. 73.
[5] OJ C 314 E, 21.12.2006, lch. 76.
[6] OJ C 21 E, 28.1.2010, lch. 11.
[7] OJ C 236 E, 12.8.2011, lch. 132.
[8] OJ C 351 E, 2.12.2011, lch. 119.
[9] OJ C 99 E, 3.4.2012, lch. 177.
[10] OJ C 353 E, 3.12.2013, lch. 212.

(CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 104/2000 ón gComhairle[11];

— Rún an 8 Meán Fómhair 2015 maidir le teacht i dtír ar acmhainneacht taighde agus nuálaíochta sa gheilleagar gorm chun poist agus fás a chruthú[12];

— Rún an 12 Bealtaine 2016 maidir le hinrianaitheacht táirgí iascaigh agus dobhshaothraithe i mbialanna agus sa mhiondíol[13];

— Rún an 12 Meitheamh 2018 maidir le dul i dtreo earnáil dobharshaothraithe Eorpach atá inbhuanaithe agus iomaíoch: stádas reatha agus dúshláin amach anseo[14].

Marcus Ernst Gerhard Breuer / María Dolores CASTRO CADENAS
05/2020

[11]OJ C 468, 15.12.2016, lch. 237.
[12]OJ C 316, 22.9.2017, lch. 64.
[13]OJ C 76, 28.2.2018, lch. 40.
[14]OJ C 28, 27.1.2020, lch. 26.